Coimisiún na Meán

# Ráiteas Straitéise 2025 – 2027

Dáta foilsithe: Márta 2025

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Brollach | 2 |
| Ár gCreat Straitéiseach | 4 |
| 1. Réamhrá | 7 |
| 2. Fís, Misean agus Luachanna | 13 |
| 3. Torthaí Straitéiseacha | 16 |
| 4. Uirlisí Seachadta | 20 |
| 5. Áisitheoirí Seachadta | 26 |
| 6. Creat Cur Chun Feidhme | 30 |
| Aguisín 1: Liosta Acrainmneacha | 32 |

# Brollach

Tá an-áthas orainn ár gcéad Straitéis trí bliana do Choimisiún na Meán a roinnt. Is cloch mhíle shuntasach é dár n-eagraíocht óg, agus ár bhfís do thírdhreach bríomhar agus sláintiúil na meán in Éirinn á leagan amach. Níor cruthaíodh í seo aisti féin; is toradh í ar bhreithniú cúramach, anailís dhomhain, agus ionchur luachmhar ón bhfoireann agus ó pháirtithe leasmhara. Táimid fíorbhuíoch do gach duine a thug a gcuid ama agus a gcuid tuairimí dúinn.

Is é an sainordú atá againn ná timpeallacht meán a chruthú a fhreastalaíonn ar leas an phobail agus atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha. Bíonn tionchar ag tírdhreach na meán ar fhorbairt agus ar chearta leanaí agus ar chearta grúpaí mionlaigh. Bíonn tionchar ag tírdhreach na meán orainn go léir mar thomhaltóirí agus mar shaoránaigh a fheidhmíonn ár gcearta daonlathacha. Cuireann tírdhreach na meán le cobhsaíocht na sochaí, agus múnlaíonn sé agus léiríonn sé cé muid féin mar shochaí. Léiríonn ár dtorthaí straitéiseacha na bealaí sin a mbíonn tionchar ag tírdhreach na meán orainn go léir.

Bíonn tírdhreach na meán ag síorathrú, le luas an athraithe. Le teacht na hintleachta saorga, mar shampla, athrófar an chaoi a ndéantar ábhar a léiriú, a dháileadh agus a thomhailt. D'fhéadfadh sé sin dul chun tairbhe d'úsáideoirí, ach tá rioscaí ag baint leis freisin. Ní mór dúinn a chinntiú nach ndéanfaidh teacht chun cinn cineálacha nua seirbhísí ábhair, ná athruithe ar an gcaoi a n-oibrítear na seirbhísí atá ann cheana, díobháil dár gcearta bunúsacha ná dár sochaí féin.

Rud amháin nach dtiocfaidh athrú air ná an tábhacht a bhaineann le tírdhreach na meán chun tacú leis an daonlathas. Tá cinnteoireacht eagarthóireachta, iriseoireacht agus cruthú ábhair neamhspleách ar ardchaighdeán bunriachtanach do dhaonlathas liobrálach feidhmiúil. Ní mór iad seo a chosaint agus a chur chun cinn, anois níos mó ná riamh.

Nuair a chuireann daoine teilifís, ríomhaire nó gléas móibíleach ar siúl, bíonn siad ag iarraidh raon éagsúil ábhair a fheiceáil a léiríonn a gcultúr, a luachanna agus a sochaí, saor ó chinsireacht threallach nó ionramháil faisnéise. Tabharfaimid aghaidh ar na dúshláin sin trínár bhfeidhmeanna beartais, taighde, forbartha agus maoirseachta, trí threochtaí amach anseo a thuar chun bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre, agus trí fhreagairt d'athruithe ar an gcaoi a gcruthaíonn agus a n-úsáideann daoine ábhar agus ar an gcaoi a gcuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine é.

I gcomhthéacs thimpeallacht chasta na meán, tá sé mar aidhm ag ár Straitéis a chinntiú gur féidir le daoine, go háirithe leanaí, ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin leas a bhaint as gnéithe dearfacha na meán, agus iad á gcosaint ar na díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Oibreoimid chun a chinntiú go mbeidh na huirlisí agus na scileanna ag daoine chun páirt a ghlacadh sna meáin a úsáideann siad agus chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcruthaítear ábhar meán agus ar an gcaoi a gcuirtear i láthair é trí chineálacha éagsúla seirbhísí.

Léirítear inár Straitéis an ról tábhachtach atá ag tírdhreach na meán chun bonn a chur faoi shochaí oscailte, dhaonlathach agus chuimsitheach a sheasann le cearta bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Is gníomhaireacht neamhspleách muid, agus déanfaimid obair atá bunaithe ar fhianaise agus comhréireach. Rachaimid i dteagmháil leis na cuideachtaí a rialaímid chun comhlíonadh a spreagadh, ach ní bheidh aon drogall orainn gníomh forfheidhmithe foirmiúil a dhéanamh nuair is gá.

Leagtar amach sa Straitéis seo an chaoi a bhfuil sé i gceist againn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ár dtorthaí straitéiseacha. Comhlánófar í lenár gcláir oibre bhliantúla, ina gcuirfear níos mó sonraí ar fáil maidir le tionscadail aonair agus sruthanna oibre, chomh maith lenár réimsí oibre leanúnacha.

Ag Coimisiún na Meán, is iad ár bhfostaithe an fórsa tiomána taobh thiar dár misean agus léiríonn siad an fhís agus na luachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an Straitéis seo. Bhí a dtiomantas, a saineolas agus a smaointeoireacht nuálach ríthábhachtach chun an Straitéis seo a mhúnlú. Beidh ról ríthábhachtach acu maidir leis an Straitéis a chur chun feidhme agus sinn a thiomáint i dtreo ár dtorthaí straitéiseacha. Stiúrfaidh an Straitéis seo ár n-iarrachtaí, cuirfidh sí bonn eolais faoinár gcinntí, agus tacóidh sí linn monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Táimid muiníneach, trí oibriú le chéile, gur féidir linn tírdhreach meán a sholáthar a oibríonn ar mhaithe le leas an phobail. Táimid ag súil go mór leis an turas atá romhainn.

**Jeremy Godfrey**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin

**Niamh Hodnett**
Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne

**Rónán Ó Domhnaill**
Coimisinéir Forbartha na Meán

**John Evans**
Coimisinéir Seirbhísí Digiteacha

**Aoife MacEvilly**
Coimisinéir Craolacháin agus Físeáin ar Éileamh



L-R: Rónán Ó Domhnaill (Coimisinéir Forbartha na Meán), Niamh Hodnett (Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne), Jeremy Godfrey (Cathaoirleach Feidhmiúcháin), Aoife MacEvilly (Coimisinéir Craolacháin agus Físeáin ar Éileamh), John Evans (Coimisinéir Seirbhísí Digiteacha).

# Ár gCreat Straitéiseach

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo ár gCreat Straitéiseach do na trí bliana ó 2025 go 2027 agus an dá bhliain sin san áireamh.

## Fís

Is í fís an Choimisiúin go mbeidh tírdhreach na meán faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.

## Misean

Tírdhreach meán atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch is ea tírdhreach na meán a ndéanann an Coimisiún a rialáil, a fhorbairt agus a dtacaíonn sé leis.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Torthaí Straitéiseacha** | **Leanaí**<br>Tírdhreach meán a sheasann le cearta, folláine agus forbairt leanaí agus lena rannpháirtíocht shábháilte le hábhar | **Daonlathas**<br>Tírdhreach meán a thacaíonn leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha, atá mar bhonn agus mar thaca ag an dioscúrsa saoránaigh, agus a laghdaíonn tionchar na bréagaisnéise | **Muinín**<br>Tírdhreach meán ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as, agus ina gcosnaítear iad ar dhúshaothrú agus ar chalaois | **Cultúr na hÉireann agus na meáin**<br>Tírdhreach meán atá inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirtíoch, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí | **Éagsúlacht agus cuimsiú**<br>Tírdhreach meán a chuireann luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe chun cinn | **Sábháilteacht phoiblí**<br>Tírdhreach meán a neartaíonn sláinte agus sábháilteacht phoiblí |
| **Uirlisí Seachadta** | Eintitis rialáilte a thabhairt chun cuntais | Ról ceannasach a imirt sa chreat rialála Eorpach | An pobal a chumhachtú agus ag tacú leo | Ag tacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt | Comhar agus comhoibriú le haghaidh tionchair | Taighde agus béim amach anseo |
| **Áisitheoirí Seachadta** | Ceannaireacht agus rialachas | Daoine agus eagraíocht | Próisis, córais agus sonraí | Cumarsáid | Inbhuanaitheacht | |



# 1. Réamhrá

## 1.1 Maidir le Coimisiún na Meán

Bunaíodh Coimisiún na Meán (‘An Coimisiún’) in 2023 le cur i bhfeidhm an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (Acht OSMR, 2022), lenar leasaíodh an tAcht Craolacháin, 2009, lenar díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), agus lenar bunaíodh sraith nua feidhmeanna rialála don eagraíocht nua.

Chomh maith le tabhairt faoi fheidhmeanna BAI mar an rialtóir craolacháin in Éirinn, tá an Coimisiún freagrach as an gcreat rialála le haghaidh sábháilteacht ar líne, as rialáil na seirbhísí craoltóireachta agus na seirbhísí closamhairc ar éileamh, agus as tacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt.

Tá an Coimisiún tiomanta go mór do chearta bunúsacha a chur chun cinn agus seasamh leo, ag cinntiú go gcuireann tírdhreach meán an Choimisiúin le sochaí oscailte dhaonlathach. Go háirithe, tá seasamh leis an gceart chun saoirse tuairimí a nochtadh mar bhonn agus mar thaca ag gach réimse d’obair an Choimisiúin.

Ó bunaíodh an Coimisiún, tá gach duine de na cúigear Coimisinéirí ceaptha ag an Aire agus tá thart ar 200 ball foirne aige. Is í foireann an Choimisiúin an rud is tábhachtaí a chuireann ar chumas an Choimisiúin a Straitéis a sheachadadh agus tá clár fairsing oibre curtha i gcrích acu cheana féin. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise trí bliana seo pleananna an Choimisiúin le haghaidh 2025, 2026 agus 2027 agus beidh pleananna oibre bliantúla ag gabháil leis lena dtabharfar mionsonraí ar thionscadail agus réimsí oibre aonair a chuirfidh le torthaí straitéiseacha an Choimisiúin a bhaint amach.

# Forléargas ar Choimisiún na Meán

## Cé hé an Coimisiún

Is é Coimisiún na Meán an ghníomhaireacht in Éirinn a fhorbraíonn agus a rialaíonn earnáil na meán atá faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.



## Cen struchtúr atá ar an gCoimisiún

Tá Cathaoirleach Feidhmiúcháin agus ceathrar Coimisinéirí i gceannas ar fhoireann de bhreis is 200 ball foirne ar fud réimsí feidhme éagsúla.

## Sainordú reachtach an Choimisiúin

Bunaíodh Coimisiún na Meán de thoradh fhorálacha na nAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022.

Tugann an Coimisiún faoi fheidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) a bhí ann roimhe seo agus é ag rialú agus ag tacú le forbairt na meán in Éirinn agus cuireann sé an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (Acht OSMR, 2022), an Gníomh Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus an Rialachán um Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR) in Éirinn i bhfeidhm.





## Céard a dhéanann an Coimisiún

Cuireann sé an córas rialála le haghaidh sábháilteacht ar líne i bhfeidhm.

Déanann sé rialáil ar chraoltóirí agus ar sholáthraithe físeáin ar éileamh.

Tacaíonn sé le hearnáil na meán i gcoitinne.

## Céard nach ndéanann an Coimisiún

Ní modhnóir ná cinsire ábhair é Coimisiún na Meán. Ní dhéanann sé réamhbhreithiúnas ar chinntí eagarthóireachta arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán.

Níl cumhachtaí aige ordú a thabhairt chun ábhar ar líne a bhaint láithreach nó a insint d'eagraíochtaí meán céard ba cheart nó nár cheart dóibh a fhoilsiú nó a chraoladh.



## Conas a thugann an Coimisiún tacaíocht

Tacaíonn an Coimisiún le hábhar ardchaighdeáin, inrochtana agus ionchuimsitheach a fhorbairt do lucht féachana na hÉireann a léiríonn agus a mhúnlaíonn sochaí na hÉireann.

Tacaíonn an Coimisiún leis an bpobal, mar chruthaitheoirí ábhair agus mar thomhaltóirí, chun a bheith rannpháirteach i dtírdhreach na meán, agus iad á gcosaint ar dhíobháil ag an am céanna.

## Cé a ndéanann an Coimisiún rialáil orthu

Déanann an Coimisiún rialáil ar chraoltóirí, ar sholáthraithe físeáin ar éileamh agus ar sheirbhísí ar líne a bhfuil a láithreacht san AE lonnaithe in Éirinn.

Déanann an Coimisiún seirbhísí ar líne le breis agus 45 milliún úsáideoir míosúla a rialáil i gcomhpháirt leis an gCoimisiún Eorpach.



## 1.2 Tírdhreach na meán ina n-oibríonn an Coimisiún

Díríonn an Coimisiún ar thírdhreach iomlán na meán. Áirítear leis sin an t-ábhar a léirítear agus a ídítear, na daoine a léiríonn agus a ídíonn é agus na bealaí ina bhfuil ábhar ar fáil. Tá na gnéithe seo go léir a bhaineann le tírdhreach na meán éagsúil agus ag athrú go tapa.

Cuimsíonn tírdhreach meán an lae inniu réimse leathan **ábhair**. Tá ábhar ann a chuireann oideachas, siamsaíocht agus eolas ar fáil, a bhfuil feidhmeanna sóisialta, gairmiúla nó tráchtála aige, a chuireann smaointe polaitiúla chun cinn, nó a bhfuil feidhmeanna eile aige. Is féidir míreanna ábhair a ídiú i gceann soicindí, nó uaireanta. Is féidir le hábhar saincheisteanna agus ábhair spéise áitiúla, náisiúnta, Eorpacha nó dhomhanda a léiriú. Is féidir le hábhar a bheith i mBéarla, i nGaeilge nó i dteangacha eile (nó gan a bheith in aon teanga ar bith). Is féidir le hábhar a bheith cruinn nó míthreorach, fíorasach nó ficseanúil, machnamhach nó siamsúil go simplí. Is féidir le hábhar a bheith sábháilte do leanaí nó a bheith ina riosca dá sábháilteacht nó dá bhforbairt. Is féidir leis a bheith dleathach nó mídhleathach. Tá acmhainneacht dhifriúil ag cineálacha éagsúla ábhair díobháil a dhéanamh, agus acmhainneacht dhifriúil cur le sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Tá ábhar **á léiriú** ag réimse leathan rannpháirtithe i dtírdhreach na meán. Tá ríthábhacht fós ag baint le hábhar a léirítear go gairmiúil. Mar sin féin, tá go leor ábhair á léiriú anois ag baill den phobal a bhfuil ábhair spéise éagsúla agus leibhéil éagsúla scileanna digiteacha acu, chomh maith le heagraíochtaí amhail gnólachtaí, institiúidí oideachais, comhlachtaí poiblí, agus grúpaí abhcóideachta. Tá na teicnící a úsáidtear chun ábhar a léiriú ag athrú go tapa, agus tá uirlisí eagarthóireachta físeáin agus íomhánna agus IS giniúnach ar fáil do ghairmithe agus do bhaill den phobal araon.

Cuirtear ábhar ar fáil trí **bhealaí** éagsúla. Tá idir bhealaí traidisiúnta clóite agus craolta, chatalóga podchraoltaí agus físeán ar éileamh, agus ardáin agus margaí ar líne ann. Roghnaíonn nó coimeádann roinnt bealaí ábhar agus glacann siad freagracht eagarthóireachta as. Soláthraíonn bealaí eile sásra chun ábhar a ghineann úsáideoirí a roinnt agus a fhoilsiú. Braitheann roinnt bealaí ar úsáideoirí chun cuardach a dhéanamh ar ábhar a chuireann siad spéis ann, úsáideann bealaí eile córais moltaí chun ábhar a chur chun cinn bunaithe ar phróifíliú úsáideoirí.

Bíonn ábhar **á ídiú** ag raon daoine idir leanaí óga agus dhaoine fásta de gach aois. Ídíonn siad ábhar ina gcáil phearsanta agus mar fhostaithe agus mar bhaill d'eagraíochtaí. Tá ábhair spéise éagsúla, leibhéil éagsúla litearthachta sna meáin, roghanna éagsúla maidir leis na bealaí a úsáideann siad, agus leochaileachtaí éagsúla acu.

## 1.3 Cur chuige an Choimisiúin maidir le rialáil, forbairt agus tacaíocht

Tá sé de chúram ar an gCoimisiún tírdhreach na meán in Éirinn a rialáil agus a fhorbairt. Déanann an Coimisiún é seo ar bhealach atá cothrom, comhréireach, trédhearcach, agus comhsheasmhach.

Tá cur chuige an Choimisiúin dian, faoi stiúir sonraí agus fianaise. Seasann an Coimisiún le saoirse cainte agus ní dhéanann sé rialáil ach amháin de réir mar is gá i sochaí dhaonlathach ar mhaithe le cuspóirí dlisteanacha a leagtar amach sa dlí a bhaint amach, amhail seasamh le cearta agus cáil daoine eile, seasamh le cearta leanaí, sábháilteacht phoiblí a choinneáil, achrann nó coireacht a chosc, sláinte nó moráltacht a chosaint, rannpháirtíocht shaor agus chothrom i bpróisis dhaonlathacha a chumasú, slándáil náisiúnta a chosaint, agus sláine na bpróiseas breithiúnach a choinneáil.

Aithníonn an Coimisiún go háirithe an luach a bhaineann le héagsúlacht tuairimí, barúlacha agus bealaí meán maidir le hábhar a bhaineann leis an daonlathas agus leis an dioscúrsa saoránaigh.

Tá sraith fhairsing uirlisí ag an gCoimisiún ar féidir leis a úsáid agus a shainordú á fhorghníomhú aige. Ina measc sin tá:

**Eintitis rialáilte a thabhairt chun cuntais:**

Baineann an Coimisiún úsáid as uirlisí rialála díreacha amhail cóid agus rialacha, ceadúnú, maoirseacht, forfheidhmiú agus smachtbhannaí chun eintitis rialáilte a thabhairt chun cuntais. Agus a ról rialála á dhéanamh aige, díríonn an Coimisiún a acmhainní maoirseachta go córasach ar eintitis rialáilte a bhféadfadh na leibhéil is airde riosca díobhála a bheith ag baint leo. Tugann an Coimisiún tús áite d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm beartais sna réimsí a bhainfidh na torthaí is fearr amach, i gcomhréir leis an straitéis seo.

**Ról ceannasach a imirt sa chreat rialála Eorpach:**

Glacann an Coimisiún páirt i líonraí rialála an AE agus oibríonn sé i gcomhar leis an CE agus lena chomhghleacaithe sna Ballstáit eile ionas go gcuirfear rialáil i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach ar mhaithe le daoine in Éirinn agus ar fud an AE, beag beann ar an mBallstát ina bhfuil soláthraí seirbhíse bunaithe.

**An pobal a chumhachtú agus ag tacú leo:**

Fostaíonn an Coimisiún uirlisí tacaíochta d'úsáideoirí amhail litearthacht sna meáin, oideachas, for-rochtain agus láimhseáil gearán chun oideachas agus cumhacht a thabhairt don phobal, mar chruthaitheoirí agus mar thomhaltóirí ábhair araon.

**Ag tacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt**

Baineann an Coimisiún úsáid as uirlisí amhail scéimeanna maoinithe agus urraíochta, ceadúnú craoltóirí, agus maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú agus ar ghealltanais eagraíochtaí Meán Seirbhíse Poiblí (PSM), chun tacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt.

**Comhar agus comhoibriú le haghaidh tionchair:**

Oibríonn an Coimisiún lena chomhpháirtithe sa tsochaí shibhialta agus tríothu, agus bunaíonn sé comhlachtaí um réiteach díospóide lasmuigh den chúirt, comhlachtaí ainmnithe, comharthóirí iontaofa agus taighdeoirí grinnfhiosraithe chun a thionchar a uasmhéadú.

**Taighde agus béim amach anseo:**

Baineann an Coimisiún úsáid as taighde agus sonraí chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- tuiscint ar thírdhreach na meán agus a thionchar ar chearta bunúsacha a fheabhsú
- tacú le forbairt beartais, dearadh clár agus cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise chun torthaí dearfacha a bhaint amach
- é féin agus na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin mbealach is fearr le freastal ar leas an phobail.



# 2. Fís, Misean agus Luachanna

**Fís**

Is í fís an Choimisiúin go mbeidh tírdhreach na meán faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.

**Misean**

Tírdhreach meán atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch is ea tírdhreach na meán a ndéanann an Coimisiún a rialáil, a fhorbairt agus a dtacaíonn sé leis.



## Ár luachanna

Cinneann luachanna an Choimisiúin a chultúr agus na caighdeáin a chloíonn an Coimisiún leo. Leagtar amach leo iompraíochtaí an Choimisiúin ó lá go lá.

Treoraíonn na luachanna seo an Coimisiún agus a shainordú á chur i bhfeidhm aige agus ina rannpháirtíocht leis an bpobal, leo siúd a ndéanann sé rialáil orthu agus a dtacaíonn sé leo, agus le comhghleacaithe.

### Muinín

Déanann an Coimisiún a cháil mar rialtóir iontaofa a chothú agus a chosaint.

- Cothaigh creidiúnacht trí shaineolas agus inniúlacht a léiriú.
- Bí comhsheasmhach, comhréireach agus cothrom i gcinntí agus i mbeartais.
- Tabhair gealltanais chun críche agus bí iontaofa.
- Bain úsáid as focail shoiléire shimplí agus tabhair aghaidh ar riachtanais agus ábhair imní na bpáirtithe leasmhara, seachas dul i muinín teanga agus tagairtí dlíthiúla.

### Tionchar

Déanann an Coimisiún a thionchar a uasmhéadú trí thorthaí a sheachadadh a dhéanann difear dearfach.

- Bí soiléir maidir leis an toradh inmhianaithe a theastaíonn ón gCoimisiún dó féin agus don phobal sula roghnaíonn tú cur chuige.
- Déan spriocanna soiléire a leagan síos, ansin déan torthaí a thomhas agus a mheas.
- Foghlaim ó theipeanna, bí ionraic agus trédhearcach faoin méid ar éirigh leis agus faoin méid is féidir a fheabhsú.

### Neamhspleáchas

Tá an Coimisiún neamhchlaonta, agus leas an phobail á chur i gcroílár an méid a dhéanann sé aige.

- Bí neamhchlaonta trí bheith ag éisteacht le páirtithe leasmhara ach bí oibiachtúil ag an am céanna, agus sonraí á gceistiú agat.
- Bí trédhearcach agus oscailte, agus an réasúnaíocht agus an fhianaise le haghaidh cinntí á léiriú agat.
- Glac úinéireacht ar chinntí fiú i bhfianaise na cáinte.

### Misneach

Níl eagla ar an gCoimisiún rioscaí a ghlacadh agus dul i gcoinne an status quo chun tírdhreach na meán a athrú chun feabhais.

- Bí fiosrach maidir le do cheisteanna, smaoinigh go criticiúil agus ceistigh go fiúntach.
- Glac le hathrú trí bhealaí níos fearr a lorg chun rudaí a dhéanamh agus trí aghaidh a thabhairt ar dhébhríocht le chéile.
- Déan measúnú ar riosca agus déan cinntí feasacha.

### Béim ar dhaoine

Déanann an Coimisiún a dhícheall trí mheas a léiriú ar a chéile agus ar ár bpáirtithe leasmhara agus trí oibriú le chéile.

- Téigh i dteagmháil le páirtithe leasmhara, agus bí ag éisteacht ar bhealach measúil chun na torthaí is fearr don phobal a chinntiú.
- Tabhair tús áite don chuimsiú trí bheith oscailte don luach a bhaineann le héagsúlacht, agus trína chinntiú go bhfuil seirbhís an Choimisiúin inrochtana do chách.

### Ionracas

Cloíonn an Coimisiún leis na caighdeáin eiticiúla is airde.

- Gníomhaigh de mheon macánta i gcónaí agus labhair amach chun a chinntiú go seasfar le luachanna an Choimisiúin.
- Bí ionraic agus oscailte i ngach idirghníomhaíocht.
- Déan an rud ceart i gcónaí agus bí trédhearcach sa mhéid a dhéanann an Coimisiún agus sa chaoi a ndéanann sé é.

# 3. Torthaí Straitéiseacha

Agus an Coimisiún ag iarraidh a fhís a fhíorú, díreoidh sé ar shé phríomhthoradh do thírdhreach na meán, mar a leagtar amach anseo iad:




Is torthaí uaillmhianacha iad na torthaí seo: níl an Coimisiún ag súil go mbainfear amach iad ina n-iomláine le linn thréimhse an ráitis straitéise seo – ach tá sé mar aidhm aige dul chun cinn substaintiúil a dhéanamh ina leith. Tá torthaí roghnaithe ag an gCoimisiún a léiríonn tábhacht thírdhreach na meán ó thaobh bonn agus taca a chur faoi shochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch. Dá réir sin, níl na torthaí go díreach faoi smacht an Choimisiúin. Ina ionad sin, oibreoidh an Coimisiún le comhrialtóirí agus úsáidfidh sé a uirlisí seachadta chun tionchar a bheith aige ar rannpháirtithe i dtírdhreach na meán sa chaoi go ndéanfaí athrú.

## Leanaí

Tírdhreach meán a sheasann le cearta, folláine agus forbairt leanaí agus lena rannpháirtíocht shábháilte le hábhar

Cén chuma atá air seo:

- Tá ábhar ar fáil a théann chun leas sóisialta agus cultúrtha do leanaí, lena n-áirítear ábhar Gaeilge atá inrochtana go héasca agus níos feiceálaí atá forbartha do leanaí agus arna fhorbairt ag leanaí.
- Tá leanaí in ann rochtain a fháil ar ábhar ó na meáin a thacaíonn lena sláinte, lena bhfolláine, lena bhforbairt agus lena gcuimsiú ó fhoinsí éagsúla.
- Is príomhábhar machnaimh iad cearta agus leas leanaí maidir le dearadh, seachadadh agus scaipeadh ábhar na meán.
- Tá nochtadh laghdaithe ag leanaí d'ábhar agus d'iompar atá díobhálach dóibh.
- Laghdaíonn athruithe ar iompraíochtaí ardáin ar líne díobhálacha do leanaí.
- Tá tuismitheoirí agus leanaí níos feasaí agus níos muiníní agus roghanna sábháilte á ndéanamh acu sna meáin.

## Daonlathas

Tírdhreach meán a thacaíonn leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha, a thacaíonn leis an dioscúrsa saoránaigh, agus a laghdaíonn tionchar na bréagaisnéise

Cén chuma atá air seo:

- Tá cead ag daoine roghanna saora agus feasacha a dhéanamh faoi conas páirt a ghlacadh sa dioscúrsa saoránaigh agus conas a gcearta daonlathacha a fheidhmiú.
- Cosnaítear neamhspleáchas eagarthóireachta agus saoirse cainte agus cuirtear réimse leathan tuairimí polaitiúla in iúl go dleathach.
- Breithnítear rannpháirtithe sa saol poiblí go grinn ach ní dhéantar iad a dhíspreagadh go bhféadfadh sé go dtarlódh bagairtí nó mí-úsáid mhídhleathach, agus tá siad ar an eolas faoina gcearta laistigh de shainchúram an Choimisiúin agus faoi conas iad a fheidhmiú.
- Tá muinín ag rannpháirtithe sa saol poiblí agus ag an bpobal i gcoitinne as sláine na bpróiseas toghcháin.
- Breathnaítear ar eagraíochtaí Meán Seirbhíse Poiblí agus ar sholáthraithe rialáilte eile mar fhoinsí iontaofa ábhair.
- Tá feasacht ag an bpobal ar an ngá atá ann an daonlathas agus an luach a bhaineann leis a chosaint, agus ar thionchar na bréagaisnéise.

## 3. Torthaí Straitéiseacha (ar lean)

### Muinín

Tírdhreach meán ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as, agus ina gcosnaítear iad ar dhúshaothrú agus ar chalaois

Cén chuma atá air seo:

- Déanann ardáin gníomh tapa chun aghaidh a thabhairt ar ábhar calaoiseach.
- Tá feasacht ag an bpobal ar na rioscaí a bhaineann le calaois, dúshaothrú agus camscéimeanna ar líne agus conas iad a mhaolú.
- Tá cur chun feidhme níos mó maidir le rialuithe fógraíochta a thacaíonn le tomhaltóirí ó thaobh ábhar fógraíochta agus ábhar tráchtála eile a shainaithint.
- Soláthraíonn eagraíochtaí meán sonraí faoi gach socrú / íocaíocht eacnamaíoch a dhéantar, go trédhearcach agus ar bhealach atá inrochtana go héasca.

### Cultúr na hÉireann agus na meáin

Tírdhreach meán atá inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirtíoch, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí

Cén chuma atá air seo:

- Tá earnáil meán na hÉireann inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de.
- Tá an earnáil léiriúcháin nuálach agus cruthaitheach agus déanann sí machnamh agus seachadadh ar leasanna shochaí na hÉireann.
- Tacaíonn ábhar le cultúr na hÉireann, léiríonn sé iliomad gnéithe agus éagsúlacht mhéadaitheach na sochaí, lena n-áirítear an gá le hábhar atá inrochtana do chách, agus ina dtugtar aird ar leith ar an nGaeilge, agus ar shainlucht féachana ó thaobh cultúir de.
- Tá earnáil meán na hÉireann inrochtana, cuimsitheach, éagsúil agus ionadaíoch d'Éirinn chomhaimseartha.
- Tá éagsúlacht úinéireachta sna meáin agus iolracht na mbealaí léiriúcháin, dáilte agus seachadta
- Léiríonn eagraíochtaí PSM ábhar a bhfuil meas ag lucht féachana/éisteachta na hÉireann air agus a dhéanann siad a ídiú.
- Tá feasacht ag an bpobal ar luach na n-eagraíochtaí PSM do shochaí na hÉireann.



### Éagsúlacht agus cuimsiú

Tírdhreach meán a chuireann luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe chun cinn

Cén chuma atá air seo:

- Cuirtear ar chumas daoine, agus iad go léir éagsúil, a dtuairimí dleathacha a chur in iúl agus a bheith barántúil i ngach cineál meán.
- Níl ábhar a ghríosaíonn fuath nó foréigean ar fhorais tréithe cosanta, nó a úsáideann teanga thar a bheith ionsaitheach chun anacair a chruthú chomh forleathan sin.
- Is féidir le daoine rochtain a fháil ar mheáin a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas agus ábhair spéise éagsúla, agus taitneamh a bhaint astu.
- Tá feasacht i measc an phobail, mar chruthaitheoirí agus tomhaltóirí ábhair araon, ar an tionchar a bhíonn ag fuath, iompar bagrach, eisiamh nó eilearánú ar dhaoine eile, agus ar a thábhachtaí atá an tsibhialtacht dhigiteach.

### Sábháilteacht phoiblí


Tírdhreach meán a neartaíonn sláinte agus sábháilteacht phoiblí

Cén chuma atá air seo:

- Lorgaíonn, aithníonn agus ídíonn daoine ábhar ó fhoinsí iontaofa faisnéise, rud a chuireann go dearfach le sláinte phoiblí agus le sábháilteacht phoiblí.
- Is fearr a éiríonn le hardáin ábhar sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a bhaint ar líne (lena n-áirítear mar fhreagairt ar orduithe bainte ó údaráis inniúla), rud a laghdaíonn nochtadh daoine dó.
- Níl ábhar a ghríosaíonn achrann sibhialta go mídhleathach chomh coitianta sin agus ní bhíonn an oiread sin tionchair aige.

# 4. Uirlisí Seachadta

Chun tacú lena fhís a bhaint amach, baineann an Coimisiún úsáid as sé uirlis seachadta straitéiseacha.




Tá an tábhacht chéanna le gach uirlis seachadta agus spreagfaidh siad sraith gníomhartha a dhéanfar le linn shaolré Ráiteas Straitéise seo. Déanfar monatóireacht agus meastóireacht ar an dul chun cinn mar atá leagtha amach ina chreat cur chun feidhme i Roinn 6.

Tá na gníomhartha atá le seachadadh faoi gach uirlis seachadta leagtha amach thíos.



## Eintitis rialáilte a thabhairt chun cuntais

Agus a chumhachtaí rialála á n-úsáid aige, cinnteoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse meán a n-oibleagáidí rialála

- Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar chóid agus ar rialacha a bhaineann le hábhar agus le cumarsáid thráchtála a théann i bhfeidhm ar lucht féachana craolta agus ar líne araon chun a chinntiú go léiríonn siad tírdhreach na meán atá ag athrú agus go gcuireann siad le torthaí straitéiseacha an Choimisiúin a bhaint amach.
- Glacfaidh an Coimisiún cur chuige rioscabhunaithe chun maoirseacht a dhéanamh ar eintitis rialáilte agus déanfaidh sé monatóireacht ar a gcomhlíontacht le hoibleagáidí rialála, agus lorgfaidh sé athruithe ar iompar i gcás ina bhfuil imní air.
- Bainfidh an Coimisiún úsáid as a chumhachtaí foirmiúla láimhseála gearán, maoirseachta agus imscrúdaitheacha agus déanfaidh sé gníomh forfheidhmiúcháin nuair is gá chun eintitis rialáilte a thabhairt chun cuntais.
- Tacóidh an Coimisiún le heintitis rialáilte a n-oibleagáidí faoi reachtaíocht a chomhlíonadh ag baint úsáide as raon beart lena n-áirítear cóid, treoir agus bearta eile, trí chomhairliúchán agus teagmháil leanúnach an Choimisiúin leo, agus trí chláir chumarsáide agus oideachais.

## Ról ceannasach a imirt sa chreat rialála Eorpach

Beidh ról ceannasach ag an gCoimisiún ar fud an AE mar rialtóir láidir, misniúil, neamhspleách agus atá dírithe ar ghníomh a dhéanamh

- Glacfaidh an Coimisiún páirt ghníomhach ar leibhéal an AE i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na reachtaíochta digití agus meán, lena n-áirítear i ndáil leis an athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar ionstraimí amhail an Treoir AVMS, agus é ag comhoibriú leis an CE agus lena chomhghleacaithe sna Ballstáit eile.
- Beidh an Coimisiún ar thús cadhnaíochta san Eoraip, tabharfaidh sé aitheantas do neart a ghníomhartha rialála agus d'éifeachtacht, do chothroime agus do thrédhearcacht a chuir chuige.
- Beidh ról ceannasach ag an gCoimisiún i líonraí rialála an AE amhail an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha agus an Bord Eorpach um Sheirbhísí do na Meáin, agus cuirfidh sé go gníomhach le rialáil agus reachtaíocht na meán a chur chun feidhme.

## An pobal a chumhachtú agus ag tacú leo

Trí thionscnaimh chomhairliúcháin, ardaithe feasachta agus oideachais, tacóidh an Coimisiún le litearthacht fheabhsaithe sna meáin, agus cumhachtóidh sé daoine chun roghanna eolasacha maidir leis na meáin a dhéanamh.

- Déanfaidh an Coimisiún maoiniú agus cur chun cinn ar thionscnaimh litearthachta sna meáin do dhaoine aonair, do phobail, do lucht déanta beartas agus d'institiúidí. Díreoidh siad sin ar réimsí amhail ról Choimisiún na Meán, cearta thomhaltóirí ábhair meán, agus conas ábhar iontaofa agus cruinn a aithint.
- Cuirfidh an Coimisiún comhairle agus treoir ar fáil d'úsáideoirí maidir le céard ba cheart dóibh a dhéanamh nuair a fheiceann siad ábhar a chreideann siad a bheith mídhleathach, díobhálach nó ag sárú an Chreata Sábháilteachta ar Líne nó na cóid a bhaineann le craoltóirí agus soláthraithe VOD. Áireofar leis sin comhairle phraiticiúil maidir le conas ábhar a thuairisciú go héifeachtach d'ardáin ar líne nó gearán a chur faoi bhráid chraoltóir soláthraí VOD, chomh maith le bearta eile is féidir le húsáideoirí a dhéanamh, amhail teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí ainmnithe, le comharthóirí iontaofa nó le comhlachtaí um réiteach díospóide lasmuigh den chúirt.
- Bunóidh an Coimisiún sásraí chun cuidiú le húsáideoirí nuair atá baol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach nó fhorleathan.
- Breithneoidh an Coimisiún gearáin faoi sháruithe líomhnaithe ar oibleagáidí rialála agus, trína ghníomhaíochtaí maoirseachta ardáin, déanfaidh sé anailís ar an gcaoi a mbaineann an pobal úsáid as na sásraí tuairiscithe.



## Ag tacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt

Leagfaidh an Coimisiún amach fís do thodhchaí earnáil na meán in Éirinn, agus an tacaíocht a theastaíonn chun a chinntiú go mbeidh sí ina guth láidir, inbhuanaithe agus neamhspleách i gcónaí i sochaí na hÉireann agus ar a son á soláthar aige

- Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle go forleathan chun dearcadh a fhorbairt ar ról na n-eagraíochtaí PSM amach anseo agus ar earnáil na meán i gcoitinne maidir leis an ábhar seirbhíse poiblí a theastaíonn
  - a chuimsíonn cur i bhfeidhm na moltaí atá fágtha de Thuarascáil an Choimisiúin maidir le Todhchaí na Meán agus forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán
  - a chuireann forbairt agus cur i bhfeidhm ról nua maoirseachta maidir le feidhmíocht agus maoiniú eagraíochtaí PSM san áireamh agus
  - a leagann creat nua PSM amach, a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí, a thacaíonn le hiolracht na meán, a chosnaíonn saoirse na meán agus a chothaíonn iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta.
- Bainfidh an Coimisiún úsáid as a ról maidir le maoirseacht a dhéanamh ar PSM chun a chinntiú go bhfuil sainorduithe, straitéisí agus gealltanais seirbhíse poiblí chuí ag eagraíochtaí PSM, agus go ndéantar iad a mhaoiniú go cuí.
- Ullmhóidh an Coimisiún straitéis nua maidir le seirbhísí craolacháin agus déanfaidh sé athbhreithniú ar na coinníollacha a chuireann sé san áireamh i gconarthaí craolacháin sa chaoi go leanfaidh an earnáil craolacháin tráchtála de bheith nuálach chun freastal ar riachtanais athraitheacha na sochaí agus go dtacóidh sí le torthaí inmhianaithe an Choimisiúin.
- Bainfidh an Coimisiún úsáid as a scéimeanna maoinithe agus as a ról maidir le maoirseacht a dhéanamh ar eagraíochtaí PSM agus ar chraoltóirí tráchtála agus pobail chun tacú le hearnáil meán atá faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.
- Cuirfidh an Coimisiún trédhearcacht in úinéireacht na meán chun cinn agus úsáidfidh sé a chumhachtaí maidir le ceadúnú craoltóirí tráchtála agus úinéireacht na meán chun leas an phobail in iolrachas na meán a chosaint.
- Déanfaidh an Coimisiún tionscnaimh nua a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a spreagann soláthar ábhair ardchaighdeáin sna meáin i mBéarla agus i nGaeilge, lena n-áirítear iriseoireacht, nuacht agus cúrsaí reatha, drámaíocht, beochan, ábhar fíorasach agus siamsaíochta atá éagsúil, nuálach, inrochtana, cuimsitheach, agus ionadaíoch go cuí ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann.
- Oibreoidh an Coimisiún le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go gcuirtear a straitéis GEDI i bhfeidhm agus go n-éistear le gach guth agus go léirítear iad sna meáin trí straitéisí agus tionscnaimh a thacaíonn le hinrochtaineacht, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

## 4. Uirlisí Seachadta (ar lean)

### Comhar agus comhoibriú le haghaidh tionchair

Oibreoidh an Coimisiún le raon páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tríothu chun a chinntiú go dtacaíonn ár gcomhiarrachtaí le spriocthorthaí an Choimisiúin a bhaint amach agus go bhfeabhsaítear baint amach na spriothorthaí sin leo.

- Lorgóidh an Coimisiún comhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus é ag obair i gcomhar le rialtóirí eile in Éirinn agus ar fud an AE chun sásraí freagartha an Choimisiúin a chomhordú agus a fheabhsú agus gníomh cuí agus tráthúil a chinntiú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar údar imní iad. Oibreoidh an Coimisiún le comhlachtaí reachtúla, lena n-áirítear an Garda Síochána agus An Coimisiún Toghcháin agus lena chomhaltaí de Ghrúpa Rialtóirí Digiteacha na hÉireann (an CCPC, an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus ComReg). Laistigh den AE oibreoidh an Coimisiún leis an CE agus le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus le rialtóirí meán sna Ballstáit eile.
- Cuirfidh an Coimisiún forbairt éiceachórais a thacaíonn le seachadadh a shainordaithe chun cinn go gníomhach lena n-áirítear comhlachtaí ainmnithe, taighdeoirí grinnfhiosraithe, comharthóirí iontaofa, agus comhlachtaí um réiteach díospóide lasmuigh den chúirt.
- Déanfaidh an Coimisiún forbairt bhreise ar a chlár rannpháirtíochta le comhlachtaí poiblí, le grúpaí sochaí sibhialta, lena Choiste Comhairleach Óige, agus le heagraíochtaí féinrialála chun a chinntiú go bhfanfaidh sé ar an eolas, agus chun leas a bhaint as a gcomhiarrachtaí maidir le spriocthorthaí an Choimisiúin a bhaint amach.
- Oibreoidh an Coimisiún trí fhóraim intíre, réigiúnacha agus dhomhanda ar bheartais dhigiteacha agus meán chun soiléireacht agus comhleanúnachas a chinntiú ar fud an chórais de réir mar a fhorbraíonn cur chuige i leith beartais agus rialála ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda.




### Taighde agus béim amach anseo

Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar theicneolaíocht, ar ábhar agus ar fhorbairtí eile ar fud thírdhreach na meán agus cuirfidh sé taighde agus léargas ar fáil don phobal agus do lucht déanta beartas chun tacú le cinnteoireacht fheasach.

- Déanfaidh an Coimisiún taighde, agus cumasóidh sé taighde ó thaighdeoirí grinnfhiosraithe, a chuireann tuiscint níos fearr chun cinn ar an gcaoi a dtéann tírdhreach na meán i bhfeidhm ar na nithe seo a leanas:
  - cearta agus leas leanaí, lena n-áirítear taighde ar thionchar úsáid na meán sóisialta ar an tsochaí
  - daonlathas agus an dioscúrsa saoránaigh
  - leasanna tomhaltóirí
  - sibhialtacht dhigiteach
  - éagsúlacht agus cuimsiú
  - an baol a bhaineann le hachrann poiblí agus rioscaí don tsláinte phoiblí.
- Déanfaidh an Coimisiún taighde ar riachtanais an lucht féachana agus ar a mhéid a bhfreastalaítear orthu chun bonn eolais a chur faoina thuairim ar an mbealach is fearr le tírdhreach meán na hÉireann a fhorbairt.
- Déanfaidh an Coimisiún taighde a thugann tuiscint níos mionsonraithe ar na saincheisteanna a bhaineann leis na torthaí inmhianaithe atá aige, agus a chuireann bonn eolais faoina bheartais agus faoina straitéisí chun iad a bhaint amach.
- Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar bheartas, ar thaighde agus ar fhorbairtí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le hintleacht shaorga, chun comhairle agus bonn eolais a chur faoina chur chuige maidir lena shainordú a sheachadadh.
- Tabharfaidh an Coimisiún faoi chomhpháirtíochtaí straitéiseacha ag leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta chun taighde, smaointe agus réitigh a roinnt agus tabharfaidh sé faoi thaighde comhoibritheach agus faoi chomhroinnt sonraí nuair is cuí.

# 5. Áisitheoirí Seachadta

Chun tacú lena fhís a fhíorú, bíonn an Coimisiún ag brath ar chúig áisitheoir seachadta a chinnteoidh go mbeidh eagraíocht lúfar, éifeachtach agus dea-bhainistithe aige a bhaineann úsáid eacnamaíoch agus éifeachtúil as acmhainní agus a chloíonn le hardchaighdeáin rialachais chorparáidigh.




Tá na gníomhartha a dhéanfaimid faoi gach ceann acu sin leagtha amach anseo.



## Ceannaireacht agus rialachas

Cuirfidh an Coimisiún ceannaireacht agus treoir shoiléir ar fáil dá fhoireann, don éiceachóras ina n-oibríonn sé agus dá phiar-rialtóirí, agus cinnteoidh sé ag an am céanna go mbunóidh sé na caighdeáin rialachais agus chuntasachta is airde agus go gcloífidh sé leo.

- Beidh an Coimisiún i gceannas mar Choimisiún comhtháite amháin laistigh dá eagraíocht agus ar fud thírdhreach meán na hÉireann agus an AE, ag déanamh cumarsáide go héifeachtach agus ag soláthar an treoir is gá chun na torthaí inmhianaithe atá aige a bhaint amach. Cothóidh an Coimisiún ceannaireacht láidir, atruach ag gach leibhéal, rud a chuirfidh ar chumas ceannairí athrú a threorú, nuálaíocht a spreagadh, agus cultúr comhoibríoch a chothú.
- Forbróidh an Coimisiún a chumas agus a chórais rialachais de réir riachtanais agus dhualgais comhlachta phoiblí ar scála an Choimisiúin, agus léireoidh sé ardchaighdeáin rialachais trí chinnteoireacht thrédhearcach, córais láidre, cuntasacht agus comhlíonadh na gceanglas reachtach ábhartha.
- Infheisteoidh an Coimisiún i gcórais, rialuithe agus próisis rialachais airgeadais agus chorparáidigh, cuirfidh sé oiliúint ar a fhoirne agus cuirfidh sé dea-chleachtas i mbainistíocht riosca i bhfeidhm ar gach gné dá chuid oibre, ag cinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú ar ardchaighdeán comhlíontachta agus laistigh dá inghlacthacht riosca agus go dtiocfaidh forbairt ar a chur chuige maidir le rialachas agus riosca de réir fhorbairt a eagraíochta.
- Caithfidh an Coimisiún na cistí a leithdháilfidh an státchiste air agus a bhaileofar trí thobhach ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, ag cinntiú go mbainfidh sé luach ar airgead amach agus a thorthaí straitéiseacha á seachadadh aige.

## Daoine agus eagraíocht

Forbróidh an Coimisiún timpeallacht fhorásach, shábháilte agus fháilteach a mheallann agus a choinníonn a fhoireann chumasach agus éagsúil, agus a thacaíonn le hinfheistíocht ina bhforbairt agus ina gcur chun cinn leanúnach.

- Déanfaidh an Coimisiún foireann chumasach a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil trí thimpeallacht thacúil, nuálach agus chuimsitheach a chruthú inar féidir le daoine aonair éirí leo agus cur le thorthaí straitéiseacha an Choimisiúin a bhaint amach.
- Cinnteoidh an Coimisiún go dtacófar go hiomlán lena Straitéis Daoine ar fud na heagraíochta ar fad, ag cur go díreach le rath a thorthaí straitéiseacha. Cothóidh an Coimisiún cultúr inoiriúnaitheachta, feabhsaithe leanúnaigh, agus comhúinéireachta, rud a chuirfidh ar chumas a fhoirne dul chun cinn fiúntach a chur chun cinn agus a chothú.
- Cothóidh an Coimisiún cultúr atá bunaithe ar luachanna, atá fréamhaithe i Muinín, Tionchar, Neamhspleáchas, Misneach, Béim ar Dhaoine, agus Ionracas, rud a chinnteoidh go mbraithfidh a dhaoine cumhachtaithe agus ailínithe le fís agus misean an Choimisiúin.

# 5. Áisitheoirí Seachadta (ar lean)

## Daoine agus eagraíocht (ar Lean)

- Déanfaidh an Coimisiún a struchtúr eagraíochtúil a bharrfheabhsú agus cothóidh sé comhar éifeachtach trasfheidhmiúil chun éifeachtúlacht oibríochtúil, nuálaíocht agus éifeachtacht a fheabhsú. Forbróidh an Coimisiún a struchtúir inmheánacha, a bhealaí oibre agus a phróisis chun tacú le dul chun cinn a thorthaí, agus déanfaidh sé iad a athdhearadh nuair is gá.
- Éistfidh an Coimisiún go gníomhach lena dhaoine. Cuirfidh an Coimisiún sláinte, folláine agus ionchuimsitheacht chun cinn, rud a chinnteoidh go mbraithfidh gach fostaí go bhfuil meas agus tacaíocht acu, agus a chruthóidh ionad oibre ina dtugtar tús áite do chomhionannas, d'éagsúlacht agus do thuairimí na bhfostaithe.
- Déanfaidh an Coimisiún deiseanna a chur chun cinn agus a spreagadh, ar deiseanna iad dá fhoireann páirt a ghlacadh i dtionscadail le saineolaithe nó rialtóirí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimsí a thacaíonn le spriocthorthaí an Choimisiúin.

## Próisis, córais agus sonraí

Déanfaidh an Coimisiún infheistíocht i bpróisis agus i gcórais láidre agus shlána, agus déanfaidh sé iad a thógáil agus a oibriú, ag baint úsáide as dea-chleachtas, sonraí agus taighde chun bonn eolais a chur faoin gcur chuige atá aige maidir le feidhmiú de réir ardchaighdeáin chomhlíontachta agus sheachadadh a straitéise.

- Infheisteoidh an Coimisiún i bhforbairt córas faisnéise bainistíochta agus a bhonneagar sonraí chun a chinntiú go ndéanfar luach na sonraí a ghabhfaidh sé a ghiaráil go héifeachtach chun cinntí atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh agus go ndíreofar ar a iarrachtaí chun an tionchar is mó a bhaint amach.
- Sonróidh an Coimisiún a chur chuige maidir leis na sonraí a bhailíonn sé ó raon leathan foinsí a bhailiú, a dhaingniú, a thaifeadadh, a chosaint agus a bhainistiú chun a chinntiú go gcosnaítear iad ó bhagairtí seachtracha, go gcinntítear leanúnachas gnó agus go dtacaítear le seachadadh a shainordaithe agus a spriocthorthaí.
- Déanfaidh an Coimisiún a phróisis a chuíchóiriú chun tacú le dul chun cinn a thorthaí ar bhealach comhsheasmhach, trédhearcach agus eagraíocht-lárnach.

## Cumarsáid

Tabharfaidh an Coimisiún tús áite do shoiléireacht agus do chomhsheasmhacht ina chumarsáid le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun tacú le torthaí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach. Aithníonn an Coimisiún gur féidir le cumarsáid éifeachtach a bheith ina seift dá ghníomhaíochtaí rialála nó forbartha

- Díreoidh cur chuige an Choimisiúin maidir le cumarsáid ar an obair a dhéanann an eagraíocht chun oideachas agus eolas a chur ar fáil dá lucht féachana a thaispeáint go praiticiúil. Cuirfidh an Coimisiún soiléireacht ar fáil maidir lena shainchúram, lena fheidhmeanna agus lena chumhachtaí agus déanfaidh sé cumarsáid réamhghníomhach faoin obair a dhéanann sé a mhéid is féidir, agus é mar aidhm aige ionchais mhí-oiriúnaithe faoina ról a íoslaghdú.
- Cinnteoidh an Coimisiún go mbeidh a chumarsáid soiléir, gonta, agus curtha in oiriúint dá luchtanna féachana éagsúla. Tosóidh an Coimisiún ó sheasamh tuisceana ar an lucht féachana is mian leis a bhaint amach agus ar an teachtaireacht is mian leis a chur in iúl, ansin bainfidh sé úsáid as na bearta agus na bealaí cearta chun a spriocthorthaí a bhaint amach.
- Oibreoidh an Coimisiún chun a chinntiú go dtógfaidh a chumarsáid inmheánach eagraíocht oscailte thrédhearcach ina dtuigeann gach ball foirne fís agus misean foriomlán na heagraíochta agus ina mothaíonn siad go bhfuil úinéireacht acu ar éachtaí an Choimisiúin.

## Inbhuanaitheacht

Cuirfidh an Coimisiún inbhuanaitheacht i gcroílár an chaoi a ndéanann sé a spás fisiciúil a bhainistiú agus a áitiú, an chaoi a n-úsáideann sé a acmhainní ganna, agus an chaoi a dtacaíonn sé le cleachtais inbhuanaithe a fhorbairt acu siúd a ndéanann sé rialáil orthu.

- Cinnteoidh an Coimisiún go mbeidh forbairt inbhuanaithe leabaithe ina chur chuige maidir le rialachas, ceannaireacht agus oibríochtaí, rud a fhágfaidh go gcuirfidh an eagraíocht béim bhunúsach ar chleachtais inbhuanaithe agus go mbeidh siad mar chuid den saol laethúil.
- Cinnteoidh an Coimisiún go bhfuil gach clár a dtacaíonn sé leo fréamhaithe i gcleachtais inbhuanaithe, agus spreagfaidh sé iad siúd atá ag feidhmiú i dtírdhreach meán na hÉireann chun tús áite a thabhairt d'inbhuanaitheacht chomhshaoil agus do mhaolú agus oiriúnú don athrú aeráide, trí úsáid a bhaint as maoiniú, treoirlínte tionscail agus uirlisí bolscaireachta an Choimisiúin.
- Tabharfaidh an Coimisiún sraith beart praiticiúil dearfach isteach a thacóidh leis ar a thuras glas i dtreo lorg glancharbóin nialasach a bhaint amach.

# 6. Creat Cur Chun Feidhme

Tá creat láidir forbartha ag an gCoimisiún chun tacú le cur chun feidhme na straitéise seo. Beidh cur chun feidhme á stiúradh ag na Coimisinéirí, le tacaíocht ó thiomantas, comhar agus rannpháirtíocht mhuintir agus fhoirne uile an Choimisiúin ar fud na heagraíochta.

Agus an straitéis á cur chun feidhme ag an gCoimisiún, déanfaidh sé a dhícheall cothromaíocht chuí a bhaint amach idir an gá atá le rialáil agus an gá atá le bheith ag seasamh le cearta bunúsacha agus lena gcothromú. Dá bhrí sin, beidh cur chuige an Choimisiúin bunaithe ar riosca agus ar chearta araon.

Cinnteoidh béim rioscabhunaithe an Choimisiúin go mbainfear an úsáid is éifeachtúla as a acmhainní trí thús áite leanúnach a thabhairt do na réimsí a mbaineann an riosca is mó agus an tionchar is mó leo le haghaidh shochaí na hÉireann.

Cinnteofar le cur chuige an Choimisiúin atá bunaithe ar chearta go seasfaidh sé le cearta bunúsacha agus go ndéanfar iad a chothromú, lena n-áirítear saoirse tuairimí a nochtadh, an ceart chun a thuairimí féin a bheith ag duine agus iad a léiriú, an ceart chun meas ar an saol príobháideach, an ceart chun comhionannais agus neamh-idirdhealaithe, an ceart chun páirt a ghlacadh i saorthoghcháin agus cearta an linbh. Cuimsítear na cearta seo sna torthaí a fhéachann an Coimisiún lena mbaint amach agus sna gníomhartha a dhéanann sé chun iad a bhaint amach. Tá an Coimisiún tiomanta do sheasamh leo ar an mbealach a gcomhlíonann sé a fheidhmeanna, lena n-áirítear an chaoi a rialaíonn sé agus a dtacaíonn sé le hearnáil na meán, an chaoi a gcaitheann sé lena fhoireann agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn sé le baill den phobal agus le grúpaí páirtithe leasmhara.

Mar chuid de chreat cur chun feidhme an Choimisiúin:

- Ar bhonn bliantúil déanfaidh an Coimisiún clár oibre eagraíochta a ullmhú agus a fhoilsiú ina leagfar amach a thosaíochtaí don bhliain, ag féachaint do na torthaí straitéiseacha, na huirlisí agus na háisitheoirí seachadta sa Ráiteas Straitéise seo.
- Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht agus measúnú réamhghníomhach ar dhul chun cinn maidir leis an straitéis seo. Ós rud é gurb í seo an chéad straitéis ag an gCoimisiún, díreoidh Bliain a hAon ar roinnt táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla a leagan síos lena rianófar agus lena ndéanfar monatóireacht orthu le linn shaolré an phlean de réir thorthaí straitéiseacha an Choimisiúin. Nuair a bheidh níos mó taithí ag an gCoimisiún, beidh sé in ann na táscairí feidhmíochta is oiriúnaí a roghnú agus spriocanna a leagan síos dóibh.
- Déanfaidh an Coimisiún coigeartuithe agus cuirfidh sé a phleananna in oiriúint má thagann athrú ar chúinsí, chun a chinntiú go bhfanfaidh sé ar an mbóthar ceart i dtreo na dtorthaí inmhianaithe atá aige a bhaint amach.
- Sa chéad Ráiteas Straitéise eile ón gCoimisiún, tuairisceoidh sé ar thorthaí agus ar éifeachtacht an Ráitis Straitéise seo, bunaithe ar na táscairí sin.

# Aguisín 1 Liosta Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| Treoir AVMS | An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc |
| BAI | Údarás Craolacháin na hÉireann |
| CCPC | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí |
| ComReg | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide |
| DSA | An Gníomh Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, 2022 |
| AE | An tAontas Eorpach |
| GEDI | Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú |
| Acht OSMR, 2022 | An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 |
| PSM | Na Meáin Seirbhíse Poiblí |
| TCOR | An Rialachán AE um Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne 2024 |



# Déan Teagmháil Linn

**Coimisiún na Meán**
**1 Áras Shíol Bhroinn,**
**Bóthar Shíol Bhroinn,**
**Baile Átha Cliath 4,**
**D04 NP20,**
**Éire.**
**Ríomhphost**: info@cnam.ie
**Suíomh gréasáin**: www.cnam.ie